2025/1475

25.7.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/1475 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Bealtaine 2025

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na réamhtheachtaithe drugaí 4-pipiriodón agus 1-boc-4-pipiriodón a chur le liosta na substaintí sceidealaithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 maidir le réamhtheachtaí druga ([1]), agus go háirithe Airteagal 15 de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 ón gComhairle an 22 Nollaig 2004 lena leagtar síos rialacha maidir le faireachán ar an trádáil i réamhtheachtaithe drugaí idir an tAontas agus tríú tíortha ([2]), agus go háirithe Airteagal 30a de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 bearta maidir le faireachán ar an trádáil i réamhtheachtaithe drugaí laistigh den Aontas, agus rialaítear le Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 an trádáil i réamhtheachtaithe drugaí idir an tAontas agus tríú tíortha. Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 agus an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 111/2005, i ngach ceann de na hIarscríbhinní sin tá liosta de shubstaintí sceidealaithe, substaintí atá faoi réir roinnt beart comhchuibhithe rialaithe agus faireacháin dá bhforáiltear leis na Rialacháin sin.

(2) Le Cinntí 67/6 agus 67/7 ó Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí Támhshuanacha, arna nglacadh ag a 67ú seisiún ón 18 Márta go dtí an 23 Márta 2024, cuireadh na substaintí 4-pipiridón agus 1-boc-4-pipiridón le Tábla I de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha, arna nglacadh in Vín an 19 Nollaig 1988 ('Coinbhinsiún NA 1988') agus faomhadh é thar ceann an Aontais le Cinneadh 90/611/CEE ón gComhairle ([3]).

(3) Dá réir sin, ba cheart na substaintí 4-pipiriodón agus 1-boc-4-pipiriodón a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 agus san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 111/2005.

(4) Is réamhtheachtaí luathchéime í an tsubstaint 4-pipiriodón a bhfuil baint aige leis an gcuid is mó de na bealaí sintéiseacha chun feantainil agus roinnt analóg feantainile a dhéanamh. Is féidir é a úsáid chun n-feineitil-4-pipiriodón (NPP), 4-Anailínea-N-feineitilpipiridín (ANPP), n-feinilpipiridín-4-aimín (4-AP) agus noirfeantainil a dhéanamh, ar substaintí iad a liostaítear i dTábla I de Choinbhinsiún NA 1988.

(5) Is díorthach de 4-pipiriodón í an tsubstaint 1-boc-4-pipiriodón atá faoi chosaint cheimiceach agus is féidir é a úsáid chun 4-anailínipipiridín-1-carbocsaláit treas-búitile (1-boc-4-AP) a dhéanamh agus noirfeantainil a dhéanamh ina dhiaidh sin, ar substaintí iad sin a liostaítear i dTábla I de Choinbhinsiún NA 1988. Is féidir an tsubstaint 1-boc-4-pipiriodón a thiontú ar ais go 4-pipiriodón freisin.

(6) Is réamhtheachtaithe iad 4-Pipiriodón agus 1-boc-4-pipiriodón atá an-oiriúnach do mhonarú aindleathach feantainile agus analóg feantainile.

([1]) IO L 47, 18.2.2004, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/273/oj.
([2]) IO L 22, 26.1.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/111/oj.
([3]) Cinneadh 90/611/CEE ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 1990 maidir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha a thabhairt i gcrích thar ceann Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO L 326, 24.11.1990, lch. 56, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1990/611/oj).

(7) Tá feantainil agus analóga feantainile ina ndrugaí támhshuanacha an-láidir, a bhíonn idir 10 n-oiread agus 100 oiread níos láidre ná hearóin. Dá réir sin, is leor méideanna beaga de 4-pipiriodón agus 1-boc-4-pipiriodón (raon kg) chun na milliúin dáileog de tháirgí deiridh (feantainilí) a mhonarú.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart 4-pipiriodón agus 1-boc-4-pipiriodón a áireamh ar liosta na substaintí sceidealaithe ar leibhéal an Aontais chun an rialú agus an faireachán orthu a threisiú.

(9) Na substaintí sceidealaithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 agus san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 111/2005, roinntear iad ina gcatagóirí, catagóirí dá gcuirtear bearta éagsúla i bhfeidhm, ionas go mbainfear cothromaíocht chomhréireach amach idir leibhéal na bagartha a bhaineann le gach substaint faoi seach agus an t-ualach ar an trádáil dhleathach. Cuirtear na bearta rialaithe agus faireacháin is doichte i bhfeidhm maidir leis na substaintí i gCatagóir 1.

(10) Tá monarú agus trádáil dhlisteanach theoranta i 4-pipiriodón agus 1-boc-4-pipiriodón ar eolas. Dá bhrí sin, bheadh ualach riaracháin teoranta breise ar oibreoirí eacnamaíocha agus ar na húdaráis inniúla san Aontas mar thoradh ar sceidealú na substaintí sin i gCatagóir 1.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin (CE) Uimh. 273/2004 agus (CE) Uimh. 111/2005 a leasú dá réir.

(12) Le Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 111/2005, déantar forálacha áirithe de Choinbhinsiún NA 1988 a chur chun feidhme go comhpháirteach. I bhfianaise an dlúthcheangail shubstaintigh idir na cumhachtuithe atá sa dá Rialachán sin, is iomchuí na leasuithe a ghlacadh trí bhíthin aon ghnímh tharmligthe amháin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 273/2004

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 111/2005

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 273/2004, sa tábla a bhaineann le Catagóir 1, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach i liosta na substaintí san áit atá iomchuí go seicheamhach de réir a gCóid AC:

Substaint	Ainmniúchán AC (más éagsúil)	Cód AC	Uimh. CAS
'4-pipiriodón	Pipiridín-4-ón	2933 39 99	41661-47-6'
'1-boc-4-pipiriodón	Treas-búitil 4-ocsóipipiridín-1-carbocsaláit	2933 39 99	79099-07-3'.

IARSCRÍBHINN II

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 111/2005, sa tábla a bhaineann le Catagóir 1, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach i liosta na substaintí san áit atá iomchuí go seicheamhach de réir a gCóid AC:

Substaint	Ainmniúchán AC (más éagsúil)	Cód AC	Uimh. CAS
‘4-pipiriodón	Pipiridín-4-ón	2933 39 99	41661-47-6’
‘1-boc-4-pipiriodón	Treas-búitil 4-ocsóipipiridín-1-carbocsaláit	2933 39 99	79099-07-3’.